



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2020*

Stampa an Ionaid

***Gaeilge
Ardleibhéal***

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

2 uair 20 nóiméad

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cé a chuir amach an fógra seo?

(b) Cén t-am a bheidh an clár nua ar siúl gach Déardaoin agus gach Aoine?

2. Luaigh **dhá** rud a bheidh le cloisteáil ar an gclár nua, *Bladhaire*.

(i) _____

(ii) _____

3. Cén bhaint a bheidh ag Áine Ní Bhreisleáin leis an gclár seo?

FÓGRA A DÓ

1. (a) Cathain a sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an tionscnamh nua?

(b) Scríobh síos deis **amháin** a thugann an tionscnamh *Fáilte ar Líne* do dhaoine.

2. Tabhair pointe **amháin** eolais a léiríonn go bhfuil an-éileamh ar na cúrsaí go dtí seo.

3. Luaigh dream **amháin** a chuireann maoiniú ar fáil don tionscnamh seo.

Cuid B

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén grúpa i scoil Phóil a d'eagraigh Seachtain na Folláine?

2. Tabhair **dhá** cheann de na téamaí a bhain le Seachtain na Folláine i scoil Phóil.

(i) _____

(ii) _____

3. Scríobh síos cúis **amháin** le daoine a bheith murtallach, dar leis na saineolaithe sláinte.

An Dara Mír

1. Cad a bhí ar siúl idir na múinteoirí agus na scoláirí sa chúigiú bliain Dé Céadaoin?

2. Scríobh síos **dhá** mholadh a rinne an t-aoichainteoir faoin tsláinte intinne nuair a labhair sí leis na scoláirí sinsearacha.

(i) _____

(ii) _____

Cuid B ar leanúint

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Luaigh **dhá** cháilíocht a bhí riachtanach don phost a bhí ag Peadar sa samhradh.

(i) _____

(ii) _____

2. Scríobh síos **dhá** dhualgas a bhí ar Pheadar mar threoraí.

(i) _____

(ii) _____

An Dara Mír

1. Cén fáth ar dúnadh an t-ollmhargadh ina mbíodh Orla ag obair gach samhradh?

2. Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil daoine ag fágáil na gceantar tuaithe, dar le hOrla.

(i) _____

(ii) _____

Cuid C

Cloisfidh tú **dhá** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cár rugadh Mary Elmes?

2. Cad a rinne Mary Elmes le linn an Chogaidh Chathartha sa Spáinn?

3. Cén gaisce a rinne Mary Elmes sa Fhrainc le linn an Dara Cogadh Domhanda?

PÍOSA A DÓ

1. Conas a bhain Siya Kolisi áit ar leith amach i stair rugbaí na hAfraice Theas anuraidh?

2. Tabhair **sampla** amháin ó óige Siya a léiríonn bochtaineacht a mhuintire ag an am.

3. Scríobh síos **dhá** rud a dúirt Siya ina óráid nuair a bhí sé ag glacadh le Corn an Domhain sa Rugbaí.

(i)

(ii)

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B nó C** anseo thíos.

Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A – AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE – 100 marc
--

Scríobh AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (a) An choiriúlacht i saol an lae inniu.
- (b) Scéalta nuachta an lae inniu.
- (c) Na cúiseanna móra imní atá ag daoine óga faoi láthair.
- (d) An saol a bhíonn ag inimircigh in Éirinn.
- (e) An teicneolaíocht i saol an lae inniu.

B – SCÉAL – 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) Bíonn an fhírinne searbh.
- (b) Suaimhneas.

C – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – 100 marc
--

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfa i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Déanann na polaiteoirí obair mhaith ar son na tíre seo.

- (b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

Na buntáistí a bhaineann le saoire a chaitheamh in Éirinn.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfa ar an ábhar sin.

Leathanach Bán